



An Garda Síochána  
Ireland's National Police Service

# RÁITEAS STRAITÉISE

IÚIL 2016-2018



# CLÁR ÁBHAIR



Clár Ábhair .....	1
Teachtaireacht ón gComisinéir .....	2
Fís, Misean agus Luachanna .....	3
Slándáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta .....	5
Coireacht a Chomhrac .....	6
Póilíneacht Bhóithre .....	7
Idirchaidreamh Pobail agus Sábháilteacht Phoiblí.....	8
Forbairt Eagraíochta agus Feabhsú Acmhainne .....	9



# TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISINÉIR

2



Leagtar amach i Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána ár bpríomhthosaíochtaí maidir le pobail a chosaint agus tacú leo go ceann dhá go leith bliain.

Den chéad uair, forbraíodh ár Ráiteas Straitéise le hionchur díreach a fháil ón Údarás Póilíneachta, agus cuirtear fáilte mhór roimh seo. Chomh maith leis sin, bunaíodh an Ráiteas go foirmiúil ar chomhairliúcháin le réimse fairsing páirtithe leasmhara, pobail agus ár ndaoine féin ina measc. Ba mhian liom buíochas a ghabháil leo go léir as ucht a rannchuidithe luachmhair.

Cuirtear san áireamh sa Ráiteas na ceachtanna atá foghlamtha againn ó na tuarascálacha iomadúla a rinneadh i dtaca leis an eagraíocht le blianta beaga anuas agus cuireann ár gClár Nuachóirithe agus Athnuachana 2016-2020 eolas ar fáil dó.

Tugtar cuntas sa Straitéis ar an mbealach a dhéanfar eiseamláir de phóilíneacht agus de shlándáil an 21ú haois den Gharda Síochána.

Déanfaidh sé fíor-dhifriocht do na pobail ar a bhfreastalaímid, don Stát agus dár ndaoine féin i measc na bpríomhlímistéar a leanas: slándáil náisiúnta; coireacht a chomhrac; rannpháirtíocht an phobail agus sábháilteacht phoiblí; póilíneacht bhóithre, agus nuachóiriú agus athnuachan.

Nuair a bheidh an Straitéis seo á cur i bhfeidhm againn, cinnteoidimid go mbainimid ár luachanna amach – seirbhís, ionracas, cuntasacht, meas, gairmiúlacht agus ionbhá.

Beidh cultúr athnuaithe ann sa Gharda Síochána as a n-eascróidh seirbhís póilíneachta atá gairmiúil, freagrúil agus a dhéanann ionadaíocht do na daoine ar a bhfreastalaíonn sí, atá feidhmíocht-tiomáinte agus a bhfuil struchtúir shoiléire rialachais agus mhaireachta go himheánach agus go seachtrach aici. Cultúr oscailteachta, trédhearcachta agus freagrachta a bheidh i gceist leis.

Tiocfaimid chun cinn agus rachaimid i mbun nuálú ar bhonn leanúnach chun ár dtír agus muintir na tíre a chosaint trí úsáid a bhaint as ardteicneolaíocht agus eolas a roinnt.

Is é ár gcéad tosaíocht phóilíneachta anois ná cosc ar choireacht a dhíríonn ar phatrólú ard-infheictheachta, spriodhíriú ar choirpigh agus cosc a chur ar choireacht ó tharlú.

Cinnteoimid go ndéanann imscrúdaitheoirí, ar cuireadh ardoiliúint orthu agus a úsáideann an TFC agus na córais fhóiréinseacha is déanaí ón láthair choireachta go dtí an Chúirt, imscrúdú gairmiúil ar gach uile choir.

Leanfaimid lenár n-obair chun ár mbóithre a choimeád sábháilte agus saol a chosaint trí fhorfheidhmiú ard-infheictheachta, oibriú i gcomhpháirtíocht, agus béim thréan a leagan ar stop a chur le coirpigh ón ngréasán bóithre a úsáid.

Ceann dár mórláidreachtaí is ea oibriú leis an bpobal agus bheith mar chuid den phobal. Cuirfidimid feabhas ar an gcur chuige comhpháirtíochta sin chun seirbhís póilíneachta a sholáthar a oireann do riachtanais gach pobail.

Cinnteoimid go bhfuil na scileanna, na huirlisí agus na tacaíochtaí cearta ag ár ndaoine a theastaíonn uathu chun a bpoist a dhéanamh go héifeachtach. Soláthroidimid an cheannaireacht, an treoir agus an tacaíocht dóibh chun an Straitéis seo a sholáthar.

Cuirfidimid struchtúir thréana rialachais i bhfeidhm a dhéanfaidh freagracht agus cuntasacht a tharmligean ar fud na heagraíochta.

Próiseas buanfheabhsúcháin a bheidh i gceist leis seo. B'fhéidir nach n-éireoidh linn gach rud sa Straitéis seo a dhéanamh i gceart ar an gcéad iarraidh. Ach éistfidimid agus foghlaimoimid, feabhsóimid agus tomhaisfidimid, agus, má bhíonn an gá leis ansin, tabharfaimid faoi neartú breise agus déanfaimid tomhas arís eile.

Is eol dúinn nach féidir linn é seo a dhéanamh linn féin. Bainfidh ríthábhacht le comhpháiríochtaí táirgiúla. Comhoibreoimid go dlúth lenár gcomhpháirtithe sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha agus sa saol acadúil i measc réimse leathan limistéar chun coireacht a chosc agus a bhrath, agus chun slándáil an náisiúin a chur chun feabhas.

Teastóidh infheistíocht mharthanach Stáit ó sholáthar rathúil na Straitéise seo. Chomh maith leis sin, teastóidh tacaíocht ár gcairde ríthábhachtacha uaidh, ar nós an Údarás Phóilíneachta.

Cabhróidh an Straitéis seo lena chinntiú go soláthraíonn an Garda Síochána seirbhísí an-éifeachtacha agus an-ghairmiúla póilíneachta agus slándála le hiontaoibh, muintir agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid.

An Coimisinéir Nóirín O'Sullivan

# FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

## ÁR BHFÍS

Bheith mar eiseamláir de phóilíneacht agus de shlándáil an 21ú haois

## ÁR MISEAN

Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muintir agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid

## ÁR LUACHANNA

### Seirbhís

Seirbhísí réamhghníomhacha, freagrúla agus neamhchlaonta póilíneachta agus slándála a sholáthar

### Ionracas

Bheith ionraic, eiticíúil agus cloí le prionsabail na cothroime agus an cheartais

### Cuntasacht

Glacadh le freagracht aonair agus cuntasacht phoiblí a chinntiú

### Meas

Meas a léiriú ar gach duine, ar a gcearta daonna agus ar a riachtanais

### Gairmiúlacht

Seirbhísí ghairmiúil agus slándáil a sholáthar do gach pobal

### Ionbhá

Ionbhá a léiriú trí thréithe daonna na hatrua, na tuisceana agus na caoinfhulaingthe



# SLÁNDÁIL NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA



In éadan dúshláin dhinimiciúla agus atá ag teacht chun cinn a bhaineann le slándáil, go háirithe maidir le maoiníú sceimhlitheoireachta, ní mór don Garda Síochána leanúint le dul i mbun nuálú ar bhonn leanúnach chun ár dtír agus muintir na tíre a chosaint. Aithnímid na bagairtí agus leanfaimid ag dul i ngleic leis na bagairtí a chruthaíonn an sceimhlitheoireacht agus domhandú gníomhaíocht sceimhlitheoireachta. Táimid thar a bheith feasach ar an fheiniméan ina dtaistealaíonn saoránaigh Eorpacha chuig áiteanna ina bhfuil coimhlint ag titim amach chun páirt a ghlacadh i ngníomhartha sceimhlitheoireachta agus ar an mbagairt fhéideartha a chruthaítear ar fhilleadh abhaile dóibh. Táimid feasach, anuas air sin, ar fhorbairtí atá tagtha ar an gcibearshlándáil agus ar an mbagairt fhéideartha a chruthaíonn daoine aonair féinradacaithe nó 'cadhain aonair', pé rud a spreagann chun gnímh iad.

Cuirfear barr feabhais ar ár straitéisí frithsceimhlitheoireachta chun dul i ngleic leis na dúshláin nua. Áireofar leis seo for-rochtain agus feasacht ar gach leibhéal den phóilíneacht le grúpaí pobail agus comhpháirtithe, agus leagfar béim ar chosc, dúshláin straitéiseacha a shárú, faisnéis agus eolas a roinnt, agus forfheidhmiú. Priomhghné de gach straitéis atá dírithe ar ár slándáil náisiúnta a chosaint is ea treisiú an chaidrimh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta slándála agus forfheidhmithe dlí. Leanfaimid ag dul i mbun planála le haghaidh móréigeandálaí lenár gcomhpháirtithe agus lena chinntiú, trí oiliúint agus trí mheasúnú riosca, go bhfuilimid ullamh chun freagairt ar bhealach tráthúil agus éifeachtach sa chás go dtagann móréigeandáil aníos.

Déanfaimid an méid a leanas:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
<p>An Stát agus muintir an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht de shaghas ar bith agus ó bhagairtí eile ar shlándáil an Stáit.</p> <p>Cur go gníomhach le slándáil idirnáisiúnta</p> <p>A chinntiú go bhfuilimid ullamh go hiomlán d'aon chás móréigeandála a d'fhéadfadh teacht chun solais</p>	<p>Tabhairt faoi imscrúduithe ar ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a mhaoiniú</p> <p>Córais nua anailíseacha eolasbhunaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, chun tomhas réamhghníomhach a dhéanamh ar an mbagairt a chruthaíonn grúpaí sceimhlitheoireachta</p> <p>Leanúint lenár ndíríú, agus an díriú sin a fheabhsú, ar bhainistíocht eolais agus ar oibríochtaí slándála bachtacha</p> <p>Comhoibriú lenár gcomhpháirtithe slándála agus cur le taifead rathúil de chomhoibriú le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus le seirbhísí slándála idirnáisiúnta</p> <p>Ár straitéisí cibearshlándála agus cibearchoireachta a fhorbairt chun feabhas a chur ar ár gcumas chun teagmhais chibearshlándála a chosc agus freagairt dóibh</p> <p>Oibriú go comhoibritheach le grúpaí mionlaigh chun feabhas a chur ar an gcaidreamh atá tréan cheana féin agus chun bagairtí a mhaolú a chruthaíonn an t-antoisceachas</p> <p>Ionsaithe féideartha sceimhlitheoireachta a dhíspreagadh ó tharlú, trí réimse bearta póilíneachta agus slándála, lena n-áirítear ardanaillíocht phóilíneachta agus eolais</p> <p>Pleanáil, measúnú riosca agus ullmhú oibríochtúil leanúnach le haghaidh móréigeandálaí i gcomhar le comhpháirtithe bainistíochta móréigeandála</p>	<p>Nuashonruithe agus cruinnithe rialta faisnéise ar mheasúnú bagartha a sholáthar don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus don Choiste Slándála Náisiúnta, ar gach ceist a bhaineann le slándáil</p> <p>Eolas a aistriú ina fhianaise agus daoine a bhfuil amhras fúthu a thabhairt chun na cúirte ar cúisimh choiriúla</p> <p>Tarlú gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc trí chur isteach ar ghrúpaí sceimhlitheoireachta, maoiniú sceimhlitheoireachta agus líonraí tacaíochta agus iad a bhaint dá chéile</p>



An Toradh a bhfuil Súil leis: Stát slán agus sábháilte le cónaí ann, le hoibriú ann, le cuairt a thabhairt air agus le hinfheistiú ann.



# COIREACHT A CHOMHRAC

6

**B**eidh cosc a chur ar choireacht ar chéad tosaíocht phóilíneachta an Gharda Síochána. Beidh éiteas ina gcuirtear cosc ar choireacht chun tosaigh i ngach gné dár gcuid oibre idir ár gcruinniú laethúil faisnéise agus ár bpleananna comhordaithe agus tascála. Beidh cosc a chur ar choireacht mar phríomhshnáithe de gach ceann dár straitéisí uile frithchoireachta.

Direoidh ár n-oibríochtaí ar phatrólú ard-infheictheachta, spriodhíriú ar choirpigh agus cosc a chur ar choireacht ó tharlú. Oibreoidimid go dlúth lenár gcomhpháirtithe chun na deiseanna a laghdú chun dul i mbun coireachta agus athchiontú. Soláthróimid comhairle ar chosc ar choireacht a imríonn tionchar mór agus a théann i ngleic leis an gcoireacht. A luaithe a chuirtear coir in iúl, go dtí go mbíonn an chúirt ag déileáil léi, beidh imscrúdaitheoirí againn ar cuireadh ardoiliúint orthu agus a úsáideann na córais is déanaí lena chinntiú go ndéantar imscrúdú gairmiúil ar gach uile choir.

Tá cuntas fadálach agus rathúil ag an nGarda Síochána agus ag Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann de bheith ag comhoibriú chun coireacht trasteorann a chomhrac. Leanfaidh an comhoibriú seo a bheith rithábhachtach i dtaobh gníomhaíocht choiriúil ag a bhfuil toise thrasteorann a chomhrac, pé foinsé nó spreagadh a bhíonn ag an ngníomhaíocht chéanna. Cruthaíonn coireacht thromchúiseach agus eagraithe olldúshlán don mhaith choiteann agus don tsíocháin ar a mbraitheann maireachtáil shibhialta. Threisiomar ár gcumas le déanaí chun an bhagairt a chruthaíonn coireacht eagraithe a chomhrac trí Bhiúró comhdhlúite um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (an DOCB) a bhunú a spriodhíreoidh go réamhghníomhach orthu siúd a bhfuil baint acu i ngrúpaí coireachta eagraithe.

Táimid tiomanta do dhul i ngleic le gníomhaíocht choiriúil ar gach leibhéal den tsochaí; sásamh íospartaigh a mhéadú agus coireanna gnéasacha a thuirisciú; rátaí coireachta a laghdú agus brath a mhéadú.

Déanfaimid an méid a leanas:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
<p>Diriú ar chosc a chur ar choireacht ó tharlú; íospartaigh a chur i gcoillár sheirbhís an Gharda Síochána agus cur chuige athnuaite a chur i bhfeidhm i leith imscrúdú coireachta</p>	<p>Straitéis chuimsitheach um chosc coireachta a chur i bhfeidhm go náisiúnta</p> <p>Seirbhís ghairmiúil a sholáthar d'íospartaigh, dul i ngleic lena riachtanais agus leis an méid a mbíonn súil acu leis le hionbhá agus monatóireacht a dhéanamh, i gcomhthráth, ar a leibhéal sásaimh chun faisnéis a sholáthar dár bhfreagairt agus í a threorú</p> <p>Tacú le híospartaigh choireachta gnéasaí agus pleananna náisiúnta gníomhaíochta a chur i bhfeidhm i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtithe</p> <p>Feabhas a chur ar ár bhfreagairt tosaigh i leith coireachta a cuireadh in iúl agus ar an mbainistíocht a dhéanaimid ar imscrúduithe a luaithe a chuirtear coir in iúl go dtí an tráth sin a thugtar os comhair na cúirte í</p> <p>An Treoir ón AE maidir le híospartaigh</p> <p>Spriodhíriú ar Ghrúpaí Coiriúla Eagraithe (GCEanna) agus ar dhaoine aonair a bhfuil baint acu i gcoiriúlacht trí oibríochtaí atá faoi stiúir eolais</p> <p>Córais nua a fhorbairt chun tomhas réamhghníomhach a dhéanamh ar an mbagairt a chruthaíonn GCEanna</p> <p>Cur chuige athbheithnithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i leith bainistíocht ciontóirí, ina measc ógchiontóirí agus ciontóirí atitimeacha trí chomhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta</p>	<p>Laghduithe tagtha ar choireacht</p> <p>Brath méadaithe</p> <p>Sásamh méadaithe íospartaigh</p> <p>Tuairisciú méadaithe a dhéanamh ar chionta gnéasacha</p> <p>Creat tuairiscithe fianaisebhunaithe curtha i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imrítear ar GCEanna</p> <p>Córais forbartha</p>

**An Toradh a bhfuil Súil leis:** Go mothaítear níos sábháilte inár bpobail; sásamh méadaithe íospartaigh; agus go dtiocfaidh laghduithe ar choireacht



Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid  
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

# PÓILÍNEACHT BHÓITHRE

7

**P**ríomhthosaíocht don Gharda Síochána is ea caomhnú an tsaoil. Trínár mbóithre a choimeád sábháilte, cabhraíonn sé le saol a chosaint agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú. Ag oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile agus leis an bpobal, laghdaíodh líon na mbásanna ar bhóithre agus sábháilte go leor saol. Is gá dúinn níos mó a dhéanamh, áfach, lena chinntiú go bhfuil in Éirinn na bóithre is sábháilte san Eoraip.

Leanfaidh an Garda Síochána ag oibriú chun an líon daoine a mharaítear agus a ghortaítear go dona ar bhóithre na hÉireann a laghdú, ar aon dul le Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 an Rialtais a bhfuil de chuspóir aici go mbeidh Éire i measc na dtíortha ina mbaintear amach an tsábháilteacht ar bhóithre is fearr san Eoraip.

Bainfidimid na cuspóirí seo amach trí fhorfheidhmiú ard-infheictheachta a dhéanamh ar an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre agus iompair ar bhóithre, tabhairt faoi anailís ar imbhuailtí agus oibríochtaí sprioctha atá faoi stiúir eolais a

chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, fiosróimid bearta nua le gníomhaireachtaí comhpháirtithe maidir le comhlíonadh tiománaíthe agus oibreoidimid leo chun gréasán bóithre atá sábháilte agus saor ó choireacht a chur chun cinn.

Cuirfidimid feabhas ar an úsáid a bhainimid as teicneolaíocht Uathaitheanta Uimhirphlátaí (ANPR), sonraí feithicle a chur i gcomparáid le taifid bhunachar sonraí chun taismigh bhóthair a laghdú go héifeachtach, coireacht a chosc agus a laghdú, rátaí braite a mhéadú agus ár gcumas póilíneachta faoi stiúir eolais a fhorbairt.

Déanfar feidhm Chór Tráchtála an Gharda Síochána a athfhorbairt chun níos mó feidhmeanna póilíneachta bóithre a chuimsiú. Déanfar Aonad Póilíneachta Bóithre an Gharda Síochána den Chór Tráchtála. Trí oibriú le pearsanra neamhthráchta, oibreoidh an tAonad le húsáid an ghréasáin bhóithre a dhiúlú do choirpigh agus clár barrfheabsaithe sábháilteachta i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus páirtithe leasmhara eile a chur i bhfeidhm.

Déanfaimid an méid a leanas:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
<p>Glacadh le cur chuige trasearnála chun sábháilteacht phoiblí a chur chun cinn ar ár ngréasán bóithre agus úsáid an ghréasáin le haghaidh gníomhaíocht choiriúil a dhiúlú</p>	<p>Ag oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bonneagar Iompair Éireann agus Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre in údarais áitiúla chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú</p> <p>Béim le leagan ar fhorfheidhmiú tráchta ar féidir leis líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú</p> <p>Iompar contúirteach i measc úsáideoirí bóithre a chomhrac trí láithreach phoiblí, forfheidhmiú reachtúil, oideachas agus comhpháirtíocht</p> <p>An úsáid a bhainimid as teicneolaíochtaí agus as uirlisí anailíseacha a mhéadú agus pleananna a chur i bhfeidhm chun tarlú imbhuailtí bóthair a laghdú; agus an úsáid a bhaintear as ár mbóithre le haghaidh gníomhaíocht choiriúil a laghdú</p> <p>An Córas Próiseála Muirir Sheasta a fhairsingiú, pointí pionóis ina measc</p> <p>An Cór Tráchtála a threisiú agus a athfhorbairt chun gach foirm de choiriúlacht ar ár ngréasán bóithre a chomhrac</p>	<p>Imbhualtí marfacha agus tromchúiseacha laghdaithe</p> <p>Infheictheacht mhéadaithe an Gharda Síochána ar ár mbóithre</p> <p>Brath méadaithe i leith réimse cionta a chuireann le básanna agus le gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre</p> <p>Straitéis ANPR a chur i bhfeidhm</p>

**An Toradh a bhfuil Súil leis:** Sábháilteacht fheabsaithe ar bhóithre agus deiseanna laghdaithe a bheith ann go mbainfidh coirpigh úsáid as ár ngréasán bóithre



Seirbhísí gairmiúla póilíneachta agus slándála a sholáthar le hiontaoibh, muinín agus tacaíocht na ndaoine ar a bhfreastalaímid  
To deliver professional policing and security services with the trust, confidence and support of the people we serve

# IDIRCHADREAMH POBAIL AGUS SÁBHÁILTEACHT PHOIBLÍ

8

Ceann dár móláidreachtaí mar sheirbhís póilíneachta is ea oibriú leis an bpobal agus bheith mar chuid den phobal. Is mian linn cur leis sin agus leanúint le pobail a chosaint agus tacú leo trí chomhoibriú tiomanta agus gníomhach. Leagfaimid béim láidir ar thionscnaimh choiscithe coireachta a oibrímid le grúpaí pobail. Is mian linn go ndéanfaidh gach comhalta Garda, comhalta sibhialtach agus gach comhalta den chúltaca nasc lena bpobal áitiúil, go bhforbróidh siad tuiscint ar a riachtanais agus ar conas is féidir linne, i dteannta ár gcomhpháirtithe straitéiseacha, pobal níos fearr a dhéanamh den phobal sin.

Is féidir le heagla i leith coireachta tionchar tromchúiseach a imirt ar cháilocht beatha agus i measc roinnt daoine, féadfaidh an eagla sin a bheith níos measa ná mar a bhíonn sí i measc daoine eile. Tá sé mar aidhm againn an eagla i leith coireachta a laghdú trí chosc, tacaíocht sprioctha a thabhairt d'íospartaigh, agus imscrúduithe gairmiúla atá faoi stiúir eolais agus cumasaithe i dtaobh teicneolaíochta de, a

sholáthar. Lorgóimid chun dearbhú níos mó a thabhairt do phobail trí phóilíneacht ard-infheictheachta, naisc láidre a fhorbairt agus a choimeád le pobail agus úsáid a bhaint as idirghabháil fhianaisebhunaithe, patrólú a dhéanamh i láithreacha ina ndéantar coireacht agus oibríochtaí sprioctha áitiúla agus náisiúnta.

Cinnteoimid go gcaitheann gach comhalta Garda, comhalta sibhialtach agus comhalta den chúltaca le gach duine de mhuintir na sochaí le meas agus go bhfuil an t-idirchaidreamh sin cabhrach agus bríoch. Bainfimid iontaoibh agus muinín gach pobail amach, agus cuirfimid feabhas ar leibhéal na seirbhíse a fhaigheann siad ón nGarda Síochána. Beimid níos gaire do na daoine ar a bhfreastalaímid, laghdóimid rátaí coireachta agus costais ghaolmhara; agus feabhsóimid an cháil atá ar Éirinn bheith mar áit chun gnó a dhéanamh ann agus cuairt a thabhairt air, a bhuíochas le samhail nua phóilíneachta.

Déanfaimid an méid a leanas:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
Éiteas nua póilíneachta pobail a chur chun cinn agus a leabú i measc an Gharda Síochána chun barr feabhais a chur ar iontaoibh agus ar muinín agus le seirbhís infheicthe, inrochtana agus fhreagrúil a chinntiú	Éiteas nua póilíneachta pobail a chruthú ina gcaitheann gach comhalta Garda, comhalta sibhialtach agus comhalta den chúltaca, gan aird ar a gcéim nó ar a ngrád, le seirbhís a sholáthar don phobal mar chroífeidhm  Próiseas breithmheasa feidhmíochta a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áireofar measúnú a dhéanamh ar an méid a chuireann gach comhalta den Gharda Síochána le hidirchaidreamh pobail agus le sábháilteacht phoiblí  Faisnéis chruinn, thráthúil agus spreagúil a sholáthar don phobal trí chainéil éagsúla mheán  Caidreamh iontaoifa a chruthú le pobail áitiúla, go háirithe le grúpaí mionlaigh agus grúpaí ilchineálacha agus deiseanna a mhéadú chun dul i mbun idirchaidreamh dearfach le daoine óga.  Teacht ar bhealaí nua chun idirchaidreamh a dhéanamh le pobail chun comhairle agus treoir shaincheaptha faoi choireacht a sholáthar  Oibríochtaí bactha atá faoi stiúir eolais a úsáid, patrólú i láithreacha ina ndéantar coireacht agus patrólú ard-infheictheachta  An caidreamh oibre a threisiú idir an tÚdarás Póilíneachta, Comhchoistí Póilíneachta agus bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána chun feabhas a chur ar fhreagrúlacht i leith buarthaí pobail	Infheictheacht mhéadaithe an Gharda Síochána  Eagla laghdaithe i leith coireachta  Comhionannas nuair a chaitear le daoine, gan aird ar a gcúlra  Feasacht mhéadaithe ar chosc ar choireacht

**An Toradh a bhfuil Súil leis:** Laghdú ar an gcomhréir de dhaoine a bhfuil eagla orthu i leith coireachta agus méadú ar an gcomhréir de dhaoine (agus íospartaigh go háirithe) atá sásta leis an tseirbhís a sholáthraítear dóibh

# FORBAIRT EAGRAÍOCHTA AGUS FEABHSÚ ACMHAINNE

9

Is éard a eascróidh as cultúr athnuaithe sa Gharda Síochána ná seirbhís póilíneachta agus slándála atá freagrúil agus a dhéanann ionadaíocht do na daoine ar a bhfreastalaíonn sí, atá feidhmíocht-tiomáinte, agus a bhfuil struchtúir shoiléire rialachais agus mhaoirseachta go himhneánach agus go seachtrach aici. Baineann gné lámach le seirbhís ghairmiúil póilíneachta agus slándála ag a bhfuil cleachtais agus struchtúir dhaingne rialachais le daonlathas éifeachtach a choimeád. Eascróidh seirbhís fheabhsaithe as seo don phobal, a mbeidh sábháilteacht fheabhsaithe phobail agus iontaoibh agus muinín mhéadaithe as an nGarda Síochána mar thoradh air.

Bainfidh rithábacht le tiomantas agus dúthracht chomhaltaí Garda, chomhaltaí sibhialtacha agus chomhaltaí den chúltaca maidir leis an nGarda Síochána a chlaofh agus a ghairmiúil ina sheirbhís póilíneachta agus slándála den chéad scoth. Cuirfimid na huirlisí, an treoir agus an tacaíocht cheart, an oiliúint agus an fhorbairt chuí, agus an cheannaireacht ar fáil dár ndaoine lena chur ar a gcumas acu a bpoist a dhéanamh. Seasfaimid le agus cosnóimid cearta daonna do chách. Rachaidh seirbhís póilíneachta ghairmiúil atá bunaithe ar chearta daonna chun mórshochair na

sochaí agus cabhróidh sé leis an gcáil a mhéadú atá ar an tír bheith mar áit shábháilte agus fháilteach le cónaí ann, le hoibríú ann, le cuairt a thabhairt air, agus le hinfeistíocht a dhéanamh ann.

Soláthrófar an clár nuachóirithe agus athnuachana i gcaitheamh na chéad chúig bliana amach romhainn. Déanfar roinnt tionscnaimh a chur i bhfeidhm idir an gearrthéarma agus an meántéarma, ach teastóidh roinnt blianta ó chinn eile lena gcur i bhfeidhm. Tá an clár in ainm is bheith lúfar agus déanfar pleananna a choigeartú bunaithe ar chomhairliúcháin lenár gcomhpháirtithe nó le teacht chun cinn dúshlán nua. Cuimsíonn príomhthéamaí an chláir iomláine mholtaí na gcigireachtaí, na n-iniúchtaí agus na gCoimisiún Imscrúdúcháin éagsúil a rinneadh ar an nGarda Síochána agus déanfar tuairisciú ar an dul chun cinn maidir leis na téamaí seo ar bhonn rialta. Tá na meicníochtaí le haghaidh athrú ar bun agus táimid tiomanta do thomhas leanúnach a dhéanamh lena dheimhniú go bhfuil ár seirbhís á gairmiúilú againn, go bhfuil feidhmíocht á feabhsú, go bhfuil maorlathas á laghdú, go gcumasáitear ár lucht saothair agus go léirítear ionbhá, ionracas, cuntasacht agus meas gach comhéadan, go himhneánach agus go seachtrach.

Déanfaimid an méid a leanas:	Déanfaimid seo trí an méid a leanas a dhéanamh:	Tomhaisfear an rath tríd an méid a leanas a dhéanamh:
An Garda Síochána a ghairmiúilú, a nuachóiriú agus a athnuachan chun freastal ar éilimh athraitheacha phobail; agus ar dhúshlán slándála agus phóilíneachta atá ag teacht chun cinn	Fostaithe a spreagadh chun aon smaointe nó buarthaí a thabhairt chun cinn a d'fhéadfadh bheith acu agus a chinntiú go n-éistear agus go dtacaítear leo  Tacú leis an Údarás Póilíneachta agus Cód Eitice á fhorbairt agus, i dteannta ár gcoirleachanna, é a leabú go cuimsitheach ar fud na heagraíochta  Struchtúr agus creat éifeachtach rialachais a thabhairt isteach agus bainistíocht riosca a chothú i gcultúr ar n-eagraíochta agus aibíocht ar gcur chuige bainistíochta a fhorbairt  Ár gcur chuige i leith glaonna ar sheirbhís, imscrúdú agus coireacht a bhainistiú go gairmiúil a chlaofh agus leas á bhaint as daoine ar cuireadh dea-oiliúint orthu agus as eolas agus teicneolaíocht atá cothrom le dáta  A chinntiú go ndéantar tionscnaimh teicneolaíochta atá curtha san áireamh inár bplean teicneolaíochta cúig bliana a leabú sna seirbhísí a chuireann ar gcomhaltaí ar fáil do phobail  Dul i ngleic le riachtanais oiliúna agus forbartha ár bhfostaithe agus a chinntiú go bhfuil na scileanna, an trealamh agus an bonneagar ceart againn chun an réimse fairsing seirbhísí a mbítear ag súil leis a sholáthar go héifeachtach  Gach tuairisc ó thríú páirtithe a bhaineann leis an nGarda Síochána a athbhreithniú agus anailísiú	Cur i bhfeidhm sceidealaithe a dhéanamh ar thionscnaimh an Chláir Nuachóirithe agus Athnuachana agus tuairiscí rialta agus nuashonruithe a sholáthar don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus don Údarás Póilíneachta  Cumas méadaithe i measc chomhaltaí an Gharda Síochána  Anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar thairbhí  Iniúchadh ar chultúr na Foirne faoina dtugtar go neamhspleách  Fianaise i leith freagairt thráthúil ar mholtaí tríú páirtí

**An Toradh a bhfuil Súil leis:** Eagraíocht nua-aimseartha agus athnuaithe a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla agus cuntasacha, atá mar eiseamláir de phóilíneacht agus de shlándáil an 21ú haois.